



An Bhruiséal, 26 Samhain 2021
(OR. en)

14190/21

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0218(COD)

CODEC 1513
AGRI 571
AGRIFIN 143
AGRISTR 80
AGRILEG 250
AGRIORG 135
CADREFIN 455

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|--------|--|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht / An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí do tháirgí talmhaíochta, (AE) Uimh. 1151/2012 ar scéimeanna ardchaighdeáin do tháirgí talmhaíochta agus bia-earraí, (AE) Uimh. 251/2014 ar shainmhíniú, ar chur síos, ar chur i láthair, ar lipéadú, agus ar chosaint na dtásc geografach a bhaineann le fionta cumhraithe, (AE) Uimh. 228/2013 a leagann síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí san Aontas (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 1 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún a thogra¹, atá bunaithe ar Airteagal 43(2), Airteagal 114, Airteagal 118, an chéad mhír, agus Airteagal 349 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 17 Deireadh Fómhair 2018².
3. Thug an Chúirt Iniúchóirí a tuairim uaidh an 25 Deireadh Fómhair 2018³.
4. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 5 Nollaig 2018⁴.

¹ 9556/18.

² IO C 62, 15.2.2019, lch. 214.

³ IO C 41, 1.2.2019, lch. 1.

⁴ IO C 86, 7.3.2019, lch. 173.

5. An 23 Samhain 2021, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis⁵.
6. Iarrtar ar an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht, dá bhrí sin, a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:
- an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 66/21⁶ é, a fhorghnóthas mar mhír ‘A’ ar chláir oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo;
 - na ráitis chomhpháirteacha ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún agus an ráiteas comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, mar a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta, a fhorghnóthas;
 - a chinneadh go bhfoilseofar i sraith L de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* na ráitis chomhpháirteacha a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo;
 - a chinneadh go bhfoilseofar i sraith L de *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* na ráitis ón gCoimisiún a leagtar amach in Aguisín 3 a ghabhann leis an nóta seo.
7. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ón gComhairle in Aguisíní 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an nóta seo.
8. Má fhorghnóthas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

⁵ 14177/21.

⁶ Ar fáil an 30.11.2021.